

FOIRM

TEAGHLACH A LORG (AOSACH)



Tugadh an lámhscríbhinn chun críche in 2025

Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ná aon duine atá ag gníomhú thar a ceann freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá san fhoilseachán seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025

PDF ISBN 978-92-9418-620-1 doi:10.2847/8865212 BZ-01-25-034-GA-N

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), 2025
Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse.



| | |
|---|--|
| Ainm na tíre AE+ | |
| Seoladh an údaráis náisiúnta | |
| Faisnéis a bhaineann go sonrach le tír AE+ maidir le conas agus cá háit ar féidir an fhoirm seo a chur isteach | <i>Is ionadchoinneálaí é seo do thíortha AE+ chun na módúlachtaí ábhartha a bhaineann le cur isteach na foirme seo a chur san áireamh. Conas ba cheart an fhoirm seo a chur isteach? Chuig cén seoladh? Faoi cén dáta?</i> |

FOIRM UM THEAGHLACH A LORG (AOSACH)

CÉN FÁTH AR TUGADH AN FHOIRM SEO DOM?

Thug na húdaráis sa tír seo an fhoirm seo duit ⁽¹⁾ toisc go bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta déanta agat agus go ndúirt tú go bhfuil ball teaghlaigh agat i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dtír chomhlachaithe (dá ngairtear tíortha AE+).

Is iad seo a leanas na Ballstáit den Aontas Eorpach: an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn. Is iad seo a leanas na ceithre thír chomhlachaithe - an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis.

Cabhróidh an fhaisnéis a chuirfidh tú ar fáil ar an bhfoirm seo leis na húdaráis sa tír seo do bhaill teaghlaigh a aimsiú, tús áite a thabhairt do do chás agus an tír AE+ a aimsiú ar cheart di d'iarratas a scrúdú. Ós rud é go bhfuil baill teaghlaigh agat i dtír AE+ eile, d'fhéadfadh sé gurb í an tír ina bhfuil do theaghlach i láthair a bheidh freagrach as scrúdú a dhéanamh ar d'iarratas.

Tábhachtach. Cuir in iúl do na húdaráis má theastaíonn aon tacaíocht uait agus an fhoirm seo á líonadh isteach agat.

CÉN FÁTH AR IARRADH ORM AN FHOIRM SEO A LÍONADH ISTEACH?

Ní mór do na húdaráis sa tír seo fios a bheith acu an bhfuil baill teaghlaigh agat in aon cheann de thíortha AE+. Má dhéanann tú amhlaidh, d'fhéadfadh an tír ina bhfuil cónaí orthu a bheith freagrach as d'iarratas a láimhseáil.

Is mian leis na húdaráis sa tír seo cabhrú leat athaontú le do bhaill teaghlaigh i dtíortha AE+ más mian leat a bheith ina gcomhlúadar. Más mian leat go n-athaontófar tú le do bhall teaghlaigh, cuir é sin in iúl dúinn agus fiosróimid an féidir é sin a dhéanamh agus déanfaimid iarracht é sin a dhéanamh. Mura mian leat go n-athaontófaí thú, inis dúinn a luaithe is féidir.

⁽¹⁾ PDF: BZ-01-25-034-GA-N agus Leagan Clóite BZ-01-25-034-GA-C.



Cé leis ar féidir mé a athaontú?

Is féidir leat a bheith athaontaithe le ball teaghlaigh atá ina chónaí/cónaí cheana féin i dtír AE+. Is iad sin:

- do bhean chéile nó d'fhear céile – tugtar céile ar an duine sin;
- do chomhpháirtí neamhphósta i gcaidreamh cobhsaí ⁽²⁾;
- do leanbh faoi bhun 18 mbliana d'aois ⁽³⁾.

Is féidir tú a athaontú freisin le duine a bhfuil do chúram de dhíth air nó uirthi nó le duine a bhfuil tú ag brath air nó uirthi le haghaidh cúraim mar gheall ar na nithe seo a leanas:

- toircheas;
- leanbh nuabheirthe a bheith agat;
- meabhairghalar tromchúiseach;
- tinneas fisiciúil tromchúiseach;
- míchumas trom;
- tráma síceolaíoch dian;
- seanaois.

Is féidir leis an duine sin a bheith i:

- do leanbh (mionaoiseach nó aosach);
- do shiblín;
- do thuismitheoir.

Má tá ball teaghlaigh agat i dtír AE+, tá na cearta seo a leanas agat.

- Is féidir leat faisnéis a iarraidh ar dhaoine agus ar eintitis atá in ann cúnamh a thabhairt duit an fhoirm seo a líonadh isteach.
- Is féidir leat faisnéis a iarraidh ar eagraíochtaí náisiúnta, idirnáisiúnta agus ar eagraíochtaí ábhartha eile ar féidir leo sainaitheint agus lorg do bhall teaghlaigh a éascú.
- Is féidir agallamh a eagrú chun a chinneadh cén tír AE+ atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, mura bhfuil forais ann chun an t-agallamh a fhágáil as an áireamh.
- Is féidir leat aon fhaisnéis a chur isteach a d'fhéadfadh cabhrú chun a shuíomh go bhfuil baill teaghlaigh i láthair, ó bhéal nó trí dhoiciméid.
- Is féidir leat tuilleadh faisnéise a iarraidh faoi do chás.

CAD IS GÁ DOM A ÁIREAMH SAN FHOIRM SEO?

Chun cabhrú leis na húdaráis sa tír seo tú a athaontú le do bhaill teaghlaigh, ní mór duit an oiread faisnéise agus is féidir fúthu a roinnt linn. Áirítear leis sin faisnéis bhunúsach faoi do bhall teaghlaigh nó faoi dhuine a bhfuil caidreamh cleithiúnais agat leis nó léi i dtír AE+, amhail:

- a s(h)onraí pearsanta;
- an áit ina bhfuil cónaí air nó uirthi faoi láthair;
- a s(h)onraí teagmhála;

⁽²⁾ Má dhéileáiltear le lánúineacha neamhphósta i ndlí nó i gcleachtas na tíre AE+ ar bhealach atá incomparáide leis an gcaoi a ndéileáiltear le lánúineacha pósta faoina dlí maidir le náisiúnaigh tríú tír.

⁽³⁾ Tagraíonn sé seo do do leanbh bitheolaíoch nó do do leanbh uchtaithe.



- faisnéis faoina stádas dlíthiúil sa tír sin (má tá stádas mar iarrthóir tearmainn aige nó aici, má tá cead cónaithe aige nó aici nó más saoránach den tír sin é nó í bunaithe ar stádas cosanta idirnáisiúnta roimhe sin);
- aon doiciméad nó fianaise a chruthaíonn an caidreamh.

Cén fáth a bhfuil an fhaisnéis seo tábhachtach?

Dá mhéad faisnéise a chuireann tú ar fáil, is amhlaidh is éasca do na húdaráis sa tír seo dul i dteagmháil leis na húdaráis sa tír ina bhfuil do bhall teaghlaigh, do chaidreamh a fhíorú agus tú a athaontú a luaithe is féidir.

D'fhéadfadh sé go dtabharfaí cuireadh duit freastal ar agallamh nó go gcuirfí ceisteanna leantacha ort chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin gcaidreamh agus faoin áit a bhfuil an duine.

Ná bíodh imní ort mura bhfuil an fhaisnéis ar fad agat. Líon isteach an oiread agus is féidir leat agus déanfaidh na húdaráis sa tír seo a ndícheall chun tús a chur leis an bpróiseas. Má tá aon doiciméad agat, cuir a leithéid faoi bhráid na n-údarás sa tír a luaithe is féidir.

CONAS AN FHOIRM SEO A LÍONADH ISTEACH

Céim 1. Líon isteach Cuid 1 den fhoirm. Ar an tslí sin, bailítear do chuid faisnéise pearsanta.

Céim 2. Líon amach an chuid/na codanna den fhoirm a bhaineann le do bhall teaghlaigh/do bhaill teaghlaigh le haghaidh gach baill teaghlaigh.

- Céile nó páirtnéir neamhphósta (Cuid 2).
- Leanbh mionaoiseach (Cuid 3).

Má tá roinnt leanaí agat i dtíortha AE+, líon isteach an chuid seo den fhoirm le haghaidh gach linbh.

- Cleithiúnaí (Cuid 4).

Líon isteach an chuid seo más rud é go bhfuil an méid seo a leanas fíor:

- braitheann do leanbh (aosach), do shiblín nó do thuismitheoir ar do chúram toisc go bhfuil sé nó sí i staid leochaileach;
- tá tú i staid leochaileach agus braitheann tú ar chúram do linbh (aosach), do shiblín nó do thuismitheora.

Céim 3. Tarraing do chraobh ghinealaigh (Cuid 5) chun gach ball teaghlaigh a léiriú. D'fhéadfadh sé sin a bheith úsáideach d'iarrachtaí um theaghlach a lorg amach anseo nó i dteacht ar thuiscint ar na daoine eile a d'fhéadfadh a bheith ann a d'fhéadfaí athaontú a thionscnamh ina dteannta.

CÉ ATÁ IN ANN CABHRÚ LIOM AN FHOIRM A LÍONADH ISTEACH?

Má theastaíonn aon tacaíocht uait chun an fhoirm seo a líonadh isteach, lena n-áirítear cúnamh dlíthiúil, is féidir leat a leithéid a iarraidh. Mura dtuigeann tú rud éigin, is féidir leat cabhair a iarraidh ar na húdaráis sa tír seo. Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil faoi dhíorma na gcomhairleoirí dlí sa bhileog um sholáthar faisnéise faoin nós imeachta um fhreagracht a chinneadh. Is féidir leat cúnamh teanga a iarraidh freisin chun an fhoirm a líonadh isteach.



Faisnéis a bhaineann go sonrach le tír AE+ maidir le DAOINE agus EINTITIS a chuireann cúnamh ar fáil chun an teimpléad agus COMHAIRLEOIREACHT DHLÍTHIÚIL a chomhlánú.

CONAS IS FÉIDIR MÉ A ATHAONTÚ LE MO BHALL TEAGHLAIGH?

- Ar an gcéad dul síos, déanfaidh na húdaráis sa tír seo athbhreithniú ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn tú. Féadfaidh siad cuireadh a thabhairt duit chuig agallamh eile.
- Más féidir, seolfaidh na húdaráis sa tír seo iarratas chuig an tír AE+ ina bhfuil cónaí ar do bhall teaghlaigh.

Tábhachtach. Ní mór duit féin agus do bhall teaghlaigh aontú leis an athaontú. Mura n-aontaíonn duine éigin leis an athaontú, ní leanfaidh na húdaráis sa tír seo ar aghaidh leis an bpróiseas. Má aontaíonn tú, iarrfar ort do thoiliú foirmiúil i scríbhinn a thabhairt maidir le hathaontú. Beidh ort do thoiliú a chur isteach i bhfoirm eile.

- Déanfaidh an tír ina bhfuil cónaí ar do bhall teaghlaigh athbhreithniú ar an iarraidh agus seiceálfaidh sí na doiciméid.
- Má ghlacann siad leis, aistroidh na húdaráis sa tír seo tú chuig an tír sin chun go n-athaontófar thú le do bhall teaghlaigh.

Ní dhéanfaidh na húdaráis sa tír seo tú a athaontú le duine in aghaidh do thola. Ciallaíonn toiliú go gcomhaontaíonn an bheirt agaibh go ndéanfar scrúdú ar d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sa tír ina bhfuil cónaí ar do bhall teaghlaigh nó ar do chleithiúnaí. Mura dtoilíonn tú féin nó do bhall teaghlaigh, ní chuirfidh na húdaráis sa tír sin tús leis an nós imeachta athaontaithe. Féadfaidh tú do thoiliú a tharraingt siar tráth ar bith sula ndéanfar cinneadh maidir le haistriú.

Sa dá thír, tugtar tús áite do chásanna athaontaithe teaghlaigh. Ciallaíonn sé sin más féidir athaontú teaghlaigh a thionscnamh i do chás féin, go ndéanfaidh na húdaráis é a phróiseáil a luaithe is féidir.

An t-eolas is gá a bheith agat

- Is féidir leat d'intinn a athrú agus do thoiliú a tharraingt siar tráth ar bith sula ndéantar an cinneadh aistrithe.
- Ní gá duit aon duine a íoc chun go n-athaontófar tú le do bhaill teaghlaigh – clúdóidh na húdaráis na costais.
- Tugtar tús áite do chásanna athaontaithe teaghlaigh, mar sin déanfaidh na húdaráis do chás a phróiseáil chomh tapa agus is féidir.

Cad is brí le hathaontú

- Scrúdófar d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sa tír a bhfuil cónaí dlíthiúil ar do bhall teaghlaigh inti ⁽⁴⁾.

Ní chiallaíonn athaontú go bhfaighidh tú cead cónaithe sa tír sin.

⁽⁴⁾ Ciallaíonn cónaí dlíthiúil go gcomhlíonann siad na coinníollacha maidir le dul isteach, fanacht nó cónaí i dtír.



NÍL A FHIOS AGAM CÁ BHFUIL MO BHALL TEAGHLAIGH. AN FÉIDIR LEAT CABHRÚ LIOM?

Má tá a fhios agat go bhfuil do bhall teaghlaigh i láthair i dtír AE+ ach nach bhfuil tú cinnte cá bhfuil sé nó sí, is féidir leat tacaíocht a iarraidh ar eagraíochtaí um theaghlach a lorg a chuideoidh leat chun do bhall teaghlaigh a aimsiú. Inis do na húdaráis sa tír seo má tá tacaíocht den sórt sin de dhíth ort.

Faisnéis a bhaineann go sonrach le tír AE+ maidir le heagraíochtaí um theaghlach a lorg.

CONAS A LÁIMHSEÁLFAR AN FHAISNÉIS A CHUIRIM AR FÁIL?

Is go rúnda a láimhseálfar an fhaisnéis a chuirfidh tú ar fáil. Ní roinnfear an fhaisnéis choíche le tír nach bhfuil liostaithe mar thír AE+ (féach leathanach 1 den fhoirm seo) ná leis an tír thionscnaimh ná leis an tír ina raibh gnáthchónaí ort féin nó ar do bhall teaghlaigh roimhe seo. Cuirfear an fhaisnéis isteach ar bhealach slán chuig an tír AE+ ina bhfuil do bhall teaghlaigh i láthair ionas gur féidir le húdaráis na tíre sin a chinneadh an bhfuil do chaidreamh incháilithe d'athaontú teaghlaigh. Más gá, féadfaidh na húdaráis nó na heagraíochtaí dul i dteagmháil le do bhall teaghlaigh chun ceisteanna leantacha a chur.



CUID 1. FAISNÉIS PHEARSANTA AN IARRATASÓRA

| | |
|---|---|
| Cásuimhir: | |
| Céadainm | |
| Sloinne | |
| Aois | |
| Inscne | |
| Dáta breithe (lá/mí/bliain) | |
| Áit bhreithe | |
| Dáta imeachta ón tír thionscnaimh | |
| Náisiúntacht/Náisiúntachtaí | |
| Seoladh/cóiríocht | |
| Sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist, cuntas meán sóisialta, uimhir theileafóin) | |
| Deimhním go bhfuil ball teaghlaigh agam a bhfuil cónaí air nó uirthi i dtír AE+. | |
| Seo a leanas mo bhall teaghlaigh (is féidir níos mó ná rogha amháin a roghnú) | mo chéile nó mo chomhpháirtí neamhphósta (Cuid 2) leanbh mionaoiseach (Cuid 3) duine atá ag brath ar chúnamh a fháil uaim nó duine a bhfuil mé ag brath ar chúnamh a fháil uaidh nó uaithi (Cuid 4) |
| Faisnéis ábhartha eile | |
| Dáta agus síniú an iarratasóra | |



CUID 2. FAISNÉIS PHEARSANTA AN CHÉILE NÓ AN PHÁIRTNÉARA NEAMHPHÓSTA

| | |
|---|--|
| Céadainm | |
| Sloinne | |
| Ainmneacha eile a úsáidtear | |
| Aois | |
| Inscne | |
| Dáta breithe (lá/mí/bliain) | |
| Áit bhreithe | |
| Suíomh an phósta nó an áit inar cruthaíodh an caidreamh | |
| Dáta an phósta nó dáta tosaigh an chaidrimh | |
| An cineál pósta nó páirtnéireachta (is féidir níos mó ná rogha amháin a roghnú) | searmanas reiligiúnach clárú sibhialta páirtnéireacht shibhialta chláráithe eile (sonraigh): |
| An suíomh reatha nó an suíomh deireanach atá ar eolas i dtíortha AE+ (tír, cathair) | |
| Stádas cónaithe an duine sa tír AE+ | iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta tairbhí cosanta idirnáisiúnta cónaí fadtéarmach cónaitheoir saoránach ní fios |
| Dáta imeachta ón tír thionscnaimh | |
| Náisiúntacht/Náisiúntachtaí | |
| Uimhir phearsanta / cásuimhir (má tá uimhir aitheantais ar fáil sa tír AE+) | |
| Seoladh/cóiríocht | |
| Sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist, cuntas meán sóisialta, uimhir theileafóin) | |

Toilteanas chun a bheith athaontaithe

Ar mhaith leat go n-athaontófaí thú leis an duine seo?

Ba mhaith liom go n-athaontófaí mé.

Sa chás sin, beidh ort féin agus ar do bhall teaghlach do thoiliú foirmiúil a thabhairt i scríbhinn. Iarrfar an toiliú foirmiúil i bhfoirm eile.

Níor mhaith liom go n-athaontófaí mé.

Mura mian leat go n-athaontófaí thú, is féidir leat a mhíniú cén fáth. Láimhseáilfear an fhaisnéis sin faoi rún.



| |
|---|
| Faisnéis ábhartha maidir le leochaileachtaí nó cúiseanna daonnúla a d'fhéadfadh a bheith ann |
| Is féidir leat aon fhaisnéis ábhartha a lua anseo atá tábhachtach chun go mbeadh na húdaráis ar an eolas faoi do bhall teaghlaigh (aon leochaileacht, riachtanas speisialta nó cúis dhaonnúil). |
| Cathain agus cá háit a raibh teagmháil agat leis an duine seo an uair dheireanach? |
| |
| An bhfuil aon duine eile ann a d'fhéadfadh a bheith ar an eolas faoin áit a bhfuil do bhall teaghlaigh? Má tá, tabhair sonraí teagmhála an duine sin. An ndeachaigh tú i dteagmháil leis an duine seo? |
| |
| An ndeachaigh tú i dteagmháil le haon eagraíocht chun an duine sin a lorg? <i>Más rud é go ndeachaigh tú i dteagmháil, tabhair tuilleadh sonraí (ainm na heagraíochta, stádas an phróisis um theaghlach a lorg / an toraidh).</i> |
| |
| Déan cur síos ar na doiciméid/ar an bhfianaise atá agat a chruthaíonn an caidreamh. Mar shampla, teastas pósta, teastas breithe, cóip de dhoiciméid chéannachta, grianghraif den bhall teaghlaigh, eile. Iarrfar ort na doiciméid sin nó an fhianaise seo a chur isteach. |
| |
| Faisnéis ábhartha eile |
| |



CUID 3. FAISNÉIS PHEARSANTA AN LINBH MHIONAOISIGH

Má tá níos mó ná leanbh amháin agat i dtíortha AE+, cliceáil ar an gcnaipe 'Dúbláil an roinn' chun roinn nua a chruthú do gach duine aonair.

| | |
|---|--|
| Céadainm | |
| Sloinne | |
| Ainmneacha eile a úsáidtear | |
| Aois | |
| Inscne | |
| Dáta breithe (lá/mí/bliain) | |
| Áit bhreithe | |
| An suíomh reatha nó an suíomh deireanach atá ar eolas i dtíortha AE+ (tír, cathair) | |
| Stádas cónaithe an duine sa tír AE+ | iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta tairbhí cosanta idirnáisiúnta cónaí fadtéarmach cónaitheoir saoránach ní fios |
| Dáta imeachta ón tír thionscnaimh | |
| Náisiúntacht/Náisiúntachtaí | |
| Uimhir phearsanta / cásuimhir (má tá uimhir aitheantais ar fáil sa tír AE+) | |
| Seoladh/cóiríocht | |
| Sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist, cuntas meán sóisialta, uimhir theileafóin) | |

Sonraí teagmhála an chaomhnóra, má tá siad ar fáil

| | |
|---------------------|--|
| Céadainm | |
| Sloinne | |
| Uimhir theileafóin | |
| Seoladh ríomhphoist | |

Toilteanas chun a bheith athaontaithe

Ar mhaith leat go n-athaontófaí thú leis an duine seo?

Ba mhaith liom go n-athaontófaí mé.

Sa chás sin, beidh ort féin agus ar do bhall teaghlaigh do thoiliú foirmiúil a thabhairt i scríbhinn. Iarrfar an toiliú foirmiúil i bhfoirm eile.

Níor mhaith liom go n-athaontófaí mé.

Mura mian leat go n-athaontófaí thú, is féidir leat a mhíniú cén fáth. Láimhseáilfear an fhaisnéis sin faoi rún.



| |
|---|
| Faisnéis ábhartha maidir le leochaileachtaí nó cúiseanna daonnúla a d'fhéadfadh a bheith ann |
| Is féidir leat aon fhaisnéis ábhartha a lua anseo atá tábhachtach chun go mbeadh na húdaráis ar an eolas faoi do bhall teaghlaigh (aon leochaileacht, riachtanas speisialta nó cúis dhaonnúil). |
| Cathain agus cá háit a raibh teagmháil agat leis an duine seo an uair dheireanach? |
| |
| An bhfuil aon duine eile ann a d'fhéadfadh a bheith ar an eolas faoin áit a bhfuil do bhall teaghlaigh? Má tá, tabhair sonraí teagmhála an duine sin. An ndeachaigh tú i dteagmháil leis an duine seo? |
| |
| An ndeachaigh tú i dteagmháil le haon eagraíocht chun an duine sin a lorg? <i>Más rud é go ndeachaigh tú i dteagmháil, tabhair tuilleadh sonraí (ainm na heagraíochta, stádas an phróisis um theaghlach a lorg / an toraidh).</i> |
| |
| Déan cur síos ar na doiciméid/ar an bhfianaise atá agat a chruthaíonn an caidreamh. Mar shampla, teastas pósta, teastas breithe, cóip de dhoiciméid chéannachta, grianghraif den bhall teaghlaigh, eile. Iarrfar ort na doiciméid sin nó an fhianaise seo a chur isteach. |
| |
| Faisnéis ábhartha eile |
| |



CUID 4. FAISNÉIS PHEARSANTA A BHAINNEANN LE CLEITHIÚNAÍ

Má tá níos mó ná leanbh amháin, siblín amháin nó tuismitheoir amháin agat a bhfuil tú ag brath air/uirthi, nó atá ag brath ort, cliceáil ar an gcnaipe 'Dúbláil an roinn' chun roinn nua a chruthú do gach duine aonair.

| | |
|---|---|
| Caidreamh leis an duine | leanbh (aosach) siblín tuismitheoir |
| Déan rogha: Braitheann an duine sin ar chúnamh uaim. Tá mise ag brath ar chúnamh ón duine sin. | |
| Céadainm | |
| Sloinne | |
| Ainmneacha eile a úsáidtear | |
| Aois | |
| Inscne | |
| Dáta breithe (lá/mí/bliain) | |
| Áit bhreithe | |
| An cineál naisc spleáchais (is féidir roghanna éagsúla a roghnú) | Roghnaigh an fáth a mbraitheann an duine sin ar chúnamh uait nó an fáth a mbraitheann tusa ar chúnamh ón duine sin: toircheas aire a thabhairt do leanbh nuabheirthe ag fulaingt le meabhairghalar tromchúiseach ag fulaingt le tinneas fisiciúil tromchúiseach míchumas tromchúiseach tráma síceolaíoch dian seanaois eile (sonraigh): |
| Suíomh reatha i dtíortha AE+ (tír, cathair) | |
| Stádas cónaithe an duine sa tír AE+ | iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta tairbhí cosanta idirnáisiúnta cónaí fadtéarmach cónaitheoir saoránach ní fios |
| Dáta imeachta ón tír thionscnaimh | |
| Náisiúntacht/Náisiúntachtaí | |
| Uimhir phearsanta / cásuimhir (má tá uimhir aitheantais ar fáil sa tír AE+) | |
| Seoladh/cóiríocht | |
| Sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist, cuntas meán sóisialta, uimhir theileafóin) | |



Toilteanas chun a bheith athaontaithe

Ar mhaith leat go n-athaontófaí thú leis an duine seo?

Ba mhaith liom go n-athaontófaí mé.

Sa chás sin, beidh ort féin agus ar do bhall teaghlaigh do thoiliú foirmiúil a thabhairt i scríbhinn. Iarrfar an toiliú foirmiúil i bhfoirm eile.

Níor mhaith liom go n-athaontófaí mé.

Mura mian leat go n-athaontófaí thú, is féidir leat a mhíniú cén fáth. Láimhseáilfear an fhaisnéis sin faoi rún.

Faisnéis ábhartha maidir le leochaileachtaí nó cúiseanna daonnúla a d'fhéadfadh a bheith ann

Is féidir leat aon fhaisnéis ábhartha a lua anseo atá tábhachtach chun go mbeadh na húdaráis ar an eolas faoi do bhall teaghlaigh (aon leochaileacht, riachtanas speisialta nó cúis dhaonnúil).

Cathain agus cá háit a raibh teagmháil agat leis an duine seo an uair dheireanach?

An bhfuil aon duine eile ann a d'fhéadfadh a bheith ar an eolas faoin áit a bhfuil do bhall teaghlaigh? Má tá, tabhair sonraí teagmhála an duine sin. An ndeachaigh tú i dteagmháil leis an duine seo?

An ndeachaigh tú i dteagmháil le haon eagraíocht chun an duine sin a lorg? Más rud é go ndeachaigh tú i dteagmháil, tabhair tuilleadh sonraí (ainm na heagraíochta, stádas an phróisis um theaghlach a lorg / an toraidh).


Déan cur síos ar na doiciméid/ar an bhfianaise atá agat a chruthaíonn an caidreamh.

Mar shampla, teastas pósta, teastas breithe, cóip de dhoiciméid chéannachta, grianghraif den bhall teaghlaigh, eile. Iarrfar ort na doiciméid sin nó an fhianaise seo a chur isteach.

Faisnéis ábhartha eile

CUID 5. CRAOBH GHINEALAIGH (ROGHNACH)

Is féidir leat do chraobh ghinealaigh a tharraingt sa bhosca thíos. Déan cinnte de go gcuirfidh tú do bhaill neasteaghlach in iúl. Is iad do bhaill neasteaghlach do chéile agus do leanbh nó do leanaí, do thuismitheoirí agus do shiblí. Más féidir, sonraigh cén tír ina bhfuil cónaí ar do bhall teaghlach faoi láthair. Taispeántar sampla de do chraobh ghinealaigh san fhóir thíos.



Cuir isteach faisnéis a bhaineann le haon bhall teaghlach breise sa roinn seo